C/2026/4137

29.7.2026

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2026/4137)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ([1]) ón gComhairle, leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 220, cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na nótaí míniúcháin atá ann faoi láthair a ghabhann le fo-cheannteidil 4418 20 10 go 4418 20 80 Doirse agus na frámaí a théann leo agus tairsigh i gcomhair doirse:

‘**4418 21 10 Doirse agus na frámaí a théann leo agus tairsigh i gcomhair doirse**

go

4418 29 80

Áirítear leis na fo-cheannteidil seo painéil sholadacha adhmaid lannaithe ag a bhfuil croíláir thiubha, ar choinníoll gur saoirsíodh iad a thuilleadh a mhéid a shainaithnítear iad lena n-úsáid mar dhoirse go heisiach (mar shampla trí chuasa a ghearradh le haghaidh hanlaí, glas nó insí).

Ní áirítear leis na fo-cheannteidil seo painéil neamhshaoirsithe, ar a dtugtar “crotáin doirse chroísholadacha” uaireanta, fiú má veinírítear a gciumhaiseanna (ceannteideal 4412).

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an Nóta Míniúcháin CC a ghabhann le fo-cheannteideal 3925 20.’

ar leathanach 312, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas idir ceannteideal 7308 agus fo-cheannteideal 7308 90 59:

‘**7308 30 00 Doirse, fuinneoga agus na frámaí, agus tairsigh i gcomhair doirse**

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an Nóta Míniúcháin CC a ghabhann le fo-cheannteideal 3925 20.’

ar leathanach 319, cuirtear an nóta míniúcháin seo a leanas isteach i ndiaidh cheannteideal 7608:

‘**7610 10 00 Doirse, fuinneoga agus na frámaí, agus tairsigh i gcomhair doirse**

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an Nóta Míniúcháin CC a ghabhann le fo-cheannteideal 3925 20.’

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.